RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1310 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Lúnasa 2021

lena gceartaítear leaganacha áirithe teanga de Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 23(1) agus Airteagal 27(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Sualainnise de Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún ([2]) tá téacs breise in Iarscríbhinn I (Cuid-FCL), Fochuid A, pointe FCL.025 (b), pointe 4 lena dtugtar le tuiscint go bhfuil feidhm ag coinníoll breise.

(2) Sa leagan Fraincise de Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 tá earráid in Iarscríbhinn I (Cuid-FCL), Fochuid J, Roinn 2, pointe FCL.905.FI (c), frása réamhráiteach lena n-athraítear brí an téacs.

(3) Sa leagan Gearmáinise de Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 tá earráidí in Iarscríbhinn I (Cuid-FCL), Foscríbhinn 9, Cuid B, pointe 7 "Rátálacha de réir aicme – muir", tábla, Roinn 1, pointe 1.5, pointe 1.6 agus pointe 1.7 agus in Iarscríbhinn IV (Cuid-MED), Fochuid B, Roinn 2, pointe MED.B.070 (c), pointe 3, an chéad abairt lena n-athraítear brí an téacs.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Fraincise, an leagan Gearmáinise agus an leagan Sualainnise de Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá bhforáiltear in Airteagal 127 de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 311, 25.11.2011, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Lúnasa 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN